Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Samhain 2018
(OR. en)

14286/18

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0382(COD)**

CODEC 2007
ENER 382
CLIMA 219
CONSOM 319
TRANS 548
AGRI 556
IND 347
ENV 764

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 1 Nollaig 2016, chuir an Coimisiún an togra[1] thuasluaite, atá bunaithe ar Airteagal 194(2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 26 Aibreán 2017[2].

3. Ar an 13 Iúil 2017, thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh[3].

1 15120/16.
2 IO C 246, 28.7.2017, lch. 55.
3 IO C 342, 12.10.2017, lch. 79.

4. Ar an 13 Samhain 2018, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air, agus dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, mar sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

- an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 48/18 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus Poblacht na Seice ag vótáil ina choinne agus an Bheilg, an Ungáir agus an tSlóvaic ag staonadh ó vótáil;

- a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá san aguisín, a ghabhann leis an nóta seo, a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

I ndiaidh d'Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle an gníomh reachtach a shíniú, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[4] 14026/18.